OPERATION ENCOMPASS
In every force. In every school. For every child.

ea Education Authority

A Thuismitheoir/Cúramóir, a chara

Táim ag scríobh chugat le cur in iúl duit faoi thionscadal tábhachtach lena mbainfidh ár scoil. Tugadh deis dúinn a bheith páirteach sa tionscadal ‘Operation Encompass’ ar bhonn píolótach. Tá ár scoil i measc 50 scoil a bheidh páirteach i gceantar Dhún Phadraig, An Chaisleáin Nua agus Bhaile na hInse. Comhpháirtíocht idir na Póilíní agus Scoileanna is ea Operation Encompass agus tá sé dírithe ar thacaíocht a thabhairt do pháistí arb íospartaigh foréigin baile iad.

Cuireadh tús le Operation Compass i Sasana deich mbliana ó shin agus tá sé ag teacht go Tuaisceart Éireann anois. Coincheap simplí is ea é ach is coincheap a chuideoidh le páiste atá i mbaol a chosaint agus tacaíocht a thabhairt dóibh. Má fhreastalaíonn na póilíní ar eachtra foréigin baile agus má tá ceann dár bpáistí i láthair, is ag tús an chéad lae scoile eile a chuirfidh na póilíní an t-eolas ar an mhúinteoir ainmnithe le haghaidh cosaint leanaí sa scoil. Insítear an fhaisnéis seo go huile is go hiomlán faoi rún agus ní chuirtear foireann na scoile ar an eolas faoi ach ar bhonn riachtanais.

I ndiaidh aon fhógra ó na póilíní cuirfidh ár bhfoireann tacaíocht ar fáil láithreach d’aon pháiste arb íospartach foréigin baile é. Tá a fhios againn nuair a fheiceann páistí drochíde baile fágann an eachtra sin lorg domhain orthu. Trí pháirt a ghlacadh in Operation Encompass is féidir linn tacaíocht a chur ar fáil dár ndaltaí de réir ár n-éitis. Cuireann sé seo lenár ngealltanas atá ann cheanna go ndéanfar páistí a chosaint.

Ma tá tú ag iarraidh tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le Múinteoir Ainmnithe le haghaidh Cosaint Leanaí Emma Louise Magee sa scoil nó is féidir leat tuilleadh a léamh faoi Operation Encompass ag www.operationencompass.org.

Le meas,

Mícheál Ó Brádaigh
**Príomhoide**
**Gaelscoil na mBeann**
**028 412 58418**